2026/2057

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2057 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

lena ndéantar cainníochtaí áirithe a coinníodh siar sa bhliain 2025 a chur le cuótaí iascaireachta 2026 de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, i gcás stoic áirithe atá faoi réir TAC anailíseach, Ballstát a ndearna cuóta ábhartha a chionroinnt air, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún, roimh an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain a chuirtear an cuóta i bhfeidhm, uasmhéid 10 % dá chuóta a choinneáil siar agus a aistriú go dtí an bhliain dár gcionn.

(2) Le Rialacháin (AE) 2024/2903 ([2]), (AE) 2025/202 ([3]) agus (AE) 2025/219 ([4]) ón gComhairle, socraítear cuótaí iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe le haghaidh 2025 agus sonraítear cé na stoic éisc a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na mbeart dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96.

(3) Le Rialacháin (AE) 2025/2454 ([5]), (AE) 2026/249 ([6]) agus (AE) 2026/266 ([7]) ón gComhairle, socraítear cuótaí iascaireachta maidir le stoic éisc áirithe le haghaidh 2026.

(4) D'iarr Ballstáit áirithe, roimh an 31 Deireadh Fómhair 2025, go ndéanfaí cuid dá gcuótaí le haghaidh 2025 le haghaidh stoic éisc áirithe a choinneáil siar agus a aistriú go dtí 2026. Na stoic éisc a n-iarrtar a n-aistriú agus staid saothraithe na stoc sin, comhlíonann siad na coinníollacha maidir leis an aistriú sin a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 847/96. Faoi réir na dteorainneacha dá bhforáiltear sa Rialachán sin, ba cheart na cainníochtaí a coinníodh siar a chur leis na cuótaí le haghaidh 2026.

([1]) IO L 115, 9.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/847/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/2903 ón gComhairle an 18 Samhain 2024 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L, 2024/2903, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2903/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2025/219 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 2025/219, 4.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/219/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2025/2454 ón gComhairle an 1 Nollaig 2025 lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2026 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L, 2025/2454, 2.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2454/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2026/249 ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 lena socraítear le haghaidh 2026, 2027 agus 2028 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 (IO L, 2026/249, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/249/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2026/266 ón gComhairle an 26 Eanáir 2026 lena socraítear le haghaidh 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2026/266, 30.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/266/oj).

(5) Chun nach mbeidh solúbthacht iomarcach ann lena mbainfí an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach acmhainní bitheolaíocha na mara, lena gcuirfí bac ar bhaint amach chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh agus lena dtiocfadh meath ar stádas bitheolaíoch na stoc, i gcás ina bhfuil an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) úsáidte cheana ag Ballstát i leith stoc áirithe, níor cheart feidhm a bheith ag aon tabhairt anonn cuótaí iascaireachta faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle ná *vice versa*.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na cuótaí iascaireachta a shocraítear le haghaidh 2026 i Rialacháin (AE) 2025/2454, (AE) 2026/249 agus (AE) 2026/266, méadaítear iad mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

IO L, 18.9.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2057/oj

Stoic éisc ar socraíodh na cuótaí ina leith le Rialachán (AE) 2024/2903

Cód tíre	Cód stoic	Speiceas	Ainm an limistéir	Cuóta deiridh 2025 (1) (ina thonaí)	Gabhálacha 2025 (ina dtonaí)	Gabhálacha 2025 faoi choinníoll speisialta (2) (ina dtonaí)	Gabhálacha iomlána 2025 (ina dtonaí)	% de ghlacadh deiridh an chuóta	An chainníocht a aistríodh (ina tonaí)
PL	PLE/3BCD-C	An leathóg	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	1 885,134	57,907	0,000	57,907	3,07	188,513
PL	SPR/3BCD-C	An salán	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	43 179,056	41 038,959	0,000	41 038,959	95,04	2 140,097

(1) Cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta, is é sin Rialacháin (AE) 2024/2903, (AE) 2025/202 nó (AE) 2025/219, tar éis malartuithe cuótaí iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tar éis aistrithe cuótaí ó 2024 go 2025 a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle nó Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó tar éis ath-chionroinnt fhéideartha agus asbhaint cuótaí iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

(2) Coinníoll speisialta a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin ábhartha lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana 2025.

Stoic éisc ar socraíodh na cuótaí ina leith le Rialachán (AE) 2025/202

Cód tíre	Cód stoic	Speiceas	Ainm an limistéir	Cuóta Deiridh 2025 (1) (ina thonaí)	Gabhálacha 2025 (ina dtonaí)	Gabhálacha 2025 faoi choinníoll speisialta (2)(ina dtonaí)	Gabhálacha iomlána 2025 (ina dtonaí)	% de ghlacadh deiridh an chuóta	An chainníocht a aistríodh (ina tonaí)
BE	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	328,970	37,572	0,000	37,572	11,42	32,897
DE	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	4,430	0,000	0,000	0,000	0,00	0,443
ES	RJE/7FG.	An roc mionsúileach	7f agus 7g	7,000	0,000	0,000	0,000	0,00	0,700
ES	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	355,670	0,000	0,000	0,000	0,00	35,567
FR	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	1 853,500	673,272	0,000	673,272	36,32	185,350

Cód tíre	Cód stoic	Speiceas	Ainm an limistéir	Cuóta Deiridh 2025 (1) (ina thonaí)	Gabhálacha 2025 (ina dtonaí)	Gabhálacha 2025 faoi choinníoll speisialta (2)(ina dtonaí)	Gabhálacha iomlána 2025 (ina dtonaí)	% de ghlacadh deiridh an chuóta	An chainníocht a aistríodh (ina tonaí)
IE	RJE/7FG.	An roc mionsúileach	7f agus 7g	8,000	0,000	0,000	0,000	0,00	0,800
IE	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	168,820	0,000	0,000	0,000	0,00	16,882
LT	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	6,000	0,000	0,000	0,000	0,00	0,600
NL	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	4,070	0,385	0,000	0,385	9,46	0,407
PL	HER/1/2-	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1 agus 2	51,106	0,000	0,000	0,000	0,00	5,111
PL	MAC/*4A-UK	An ronnach	Uiscí na Ríochta Aontaithe i limistéar 4a (coinníoll speisialta maidir le MAC/2CX14-)	862,601	709,235	0,000	709,235	82,22	86,260
PL	MAC/*8ABD.	An ronnach	8a, 8b agus 8d (coinníoll speisialta maidir le MAC/8C3411)	682,265	614,039	0,000	614,039	90,00	68,226
PL	MAC/2CX14-	An ronnach	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i limistéar 5b; uiscí idirnáisiúnta i limistéir 2a, 12 agus 14	890,075	91,980	709,235	801,215	90,02	88,860
PL	MAC/8C3411	An ronnach	8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	682,265	0,000	614,039	614,039	90,00	68,226
PL	WHB/1X14	An faoitín gorm	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i limistéir 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14	60 573,504	56 870,608	0,000	56 870,608	93,89	3 702,896
PT	RJU/7DE.	An roc dústríoctha	7d agus 7e	6,700	0,000	0,000	0,000	0,00	0,670

(1) Cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta, is é sin Rialacháin (AE) 2024/2903, (AE) 2025/202 nó (AE) 2025/219, tar éis malartuithe cuótaí iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tar éis aistrithe cuótaí ó 2024 go 2025 a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle nó Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó tar éis ath-chionroinnt fhéidearthaí agus asbhaint cuótaí iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009).

(2) Coinníoll speisialta a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin ábhartha lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana 2025.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2057/oj

IO L, 18.9.2026